



CAITEACHAS AN AONTAIS

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa go comhpháirteach an caiteachas buiséid a fhorghnó. Ní mór do bhuiséad AE méid iomlán na gcistí a urramú a comhaontaíodh faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) le haghaidh clár agus bearta éagsúla, amhail na beartais maidir le comhtháthú, talamhaíocht agus caidreamh seachtrach. Le hionstraimí solúbthachta, déantar a áirithiú gur féidir le AE freagairt i gcás ina mbeidh riachtanais gan choinne ann. Cruthaíonn úsáid ionstraimí airgeadais éifeacht ghairiúla maidir le caiteachas AE.

BUNÚS DLÍ

- Airteagail 310-325 agus 352 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 106a, 171-182 agus 203 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;
- Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012^[1];
- Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020^[2];
- Comhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais^[3].

CUSPÓIR

Bearta an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú laistigh de theorainneacha an smachta bhuiséadaigh, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm.

[1] IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.

[2] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.

[3] IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.



BUNPHRIONSABAIL

Urramaítear le buiséad AE naoi riail ghinearálta na haontachta, an chruinnis bhuiséadaigh, na bliantúlachta, na cothromaíochta, an aonaid cuntais (an euro), na huilíochta, na sonraíochta (déantar gach leithreasú a leithdháileadh ar chineál caiteachais ar leith), na bainistíochta fóna airgeadais agus na trédhearcachta, de bhun Airteagail 6 go 38 den Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

Ní mór go réiteoidh riail na bliantúlachta leis an ngá na gníomhaíochtaí ilbhliantúla, a bhfuil tábhacht mhéadaithe ag baint leo laistigh den bhuiséad, a bhainistiú. Maidir leis an mbuiséad, cuimsítear ann, dá bhrí sin, leithreasuithe difreáilte arb é atá iontu na nithe seo a leanas:

- Leithreasuithe gealltanais, lena gcumhdaítear an costas iomlán, i rith na bliana airgeadais reatha, do na hoibleagáidí dlíthiúla atá glactha ar láimh do ghníomhaíochtaí a mhairfidh roinnt blianta;
- Leithreasuithe íocaíochta, lena gcumhdaítear caiteachas i ndáil le gealltanais atá glactha ar láimh i rith na bliana airgeadais nó blianta roimhe sin a chur chun feidhme.

Níltear ag cloí go hiomlán le riail na haontachta ach oiread, ós rud é, mar shampla, nach n-áirítear leithreasuithe de chuid an Chiste Eorpaigh Forbraíochta. (CEF) (5.3.1) sa bhuiséad. Ar áitiú na Parlaiminte, áfach, sonraítear leis an gComhaontú Idirinstiúideach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar i gcúrsaí buiséid agus maidir le bainistíocht fhóna airgeadais ó Nollaig 2013 go ndéanann an Coimisiún tuarascáil bhliantúil lena gcuirtear forbheathnú ar fáil ar iarmhairtí airgeadais agus buiséadacha ghníomhaíochtaí éagsúla an Aontais a ullmhú, bídis á maoiniú ag buiséad AE nó lasmuigh de. Sa tuarascáil sin tá eolas ar CEF, oibríochtaí iasachtaithe agus iasachtaíochta — lena n-áirítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach (SCE) agus an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (2.6.8) — agus cistí iontaobhais an Aontais do ghníomhaíochtaí seachtracha, a bhfuil tábhacht mhéadaithe ag baint leo mar thoradh ar staid na himirce.

STRUCHTÚR BUISÉID BUNAITHE AR THRÉITHE NA LEITHREASUITHE

1. Buiséid caiteachais oibríochtúil/caiteachais riaracháin/gníomhaíochta aonair

Roinntear an buiséad ginearálta i ndeich roinn, ceann le haghaidh gach institiúide. Cé gur caiteachas riaracháin iad ranna na n-institiúidí eile go bunúsach, is é atá i roinn an Choimisiúin (Roinn III) ná caiteachas oibríochtúil chun gníomhaíochtaí agus cláir a mhaoiniú agus na costais riaracháin chun iad a chur chun feidhme (cúnamh teicniúil, gníomhaireachtaí, acmhainní daonna). Sa bhliain 2020, comhfhreagraíonn an caiteachas riaracháin iomlán do 6.1% den bhuiséad iomlán de EUR 168 688.1 milliúin.

Úsáideann an Coimisiún ainmníocht bhuiséadach a thaispeánann acmhainní de réir réimse beartais agus gníomhaíochtaí, rud a éascóidh an costas agus an éifeachtacht



a bhaineann le gach beartas de AE ('Buiséadú Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí') a mheasúnú.

2. An Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) (1.4.3)

Ó 1988 i leith, cuireadh caiteachas an Chomhphobail/an Aontais i gcreat ilbhliantúil, a dhéanann miondealú ar an mbuiséad de réir ceanteidil a chomhfhreagraíonn do réimsí leathana beartais, agus uasteorainneacha caiteachais lena léirítear na príomhthosaíochtaí buiséadacha don tréimhse atá clúdaithe. Mhair an chéad tréimhse clárúcháin cúig bliana, agus ba é achar na dtréimhsí ina dhiaidh sin agus na tréimhsí reatha ná seacht mbliana. Ní mór do na buiséid bhliantúla na teorainneacha a leagtar amach sa chreat ilbhliantúil a urramú.

Is é an beartas talmhaíochta agus tuaithe fós an beartas is mó ó thaobh leithdháileadh buiséid de, agus an beartas réigiúnach go dlúth ina dhiaidh sin. Tugtar miondealú do bhuiséad 2020 sa tábla seo de réir réimse beartais mar a leagtar síos sa chreat airgeadais ilbhliantúil reatha le haghaidh 2014-2020.

Buiséad an Aontais do 2020: miondealú de leithreasuithe gealltanais i gcatagóirí CAI

Ceanteideal CAI	EUR milliún	%
Iomaíochas don fhás agus do phoist	25 284.8	14.6%
Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	58 645.8	34.1%
Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha	59 907.0	34.8%
Slándáil agus saoránacht	7152.4	4.2%
An Eoraip Dhomhanda	10406.6	6.0%
Riarachán	10271.2	6.0%
Eile	587.8	0.3%
Iomlán	172255.5	100.0%

3. Ionstraimí solúbthachta agus éigeandála

Ar bharr an chaiteachais arna chlárú chun beartais AE faoi chlár ilbhliantúla a mhaoiniú, cuireadh cúpla acmhainn airgeadais in áirithe i mbuiséad AE chun freagairt do ghéarchéimeanna agus cásanna gan choinne. D'fhéadfaí na hionstraimí solúbthachta a úsáid i gcás géarchéimeanna geilleagracha (e.g. an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú), tubaistí nádúrtha (e.g. an Ciste Dlúthpháirtíochta), éigeandálaí daonnúla (e.g. an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála) nó riachtanais eile gan choinne (e.g. an Ionstraim Sholúbthachta) i mBallstáit AE, i dtíortha is iarrthóirí nó lasmuigh de AE. Fágann an maoiniú sin gur féidir riachtanais eisceachtúla airgeadais, ar bhonn teoranta, a chlúdach.

OIBRÍOCHTAÍ IASACHTAITHE AGUS IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS

Cuimsíodh ionstraimí airgeadais i bhfoirm cothromais nó caipiteal riosca, ráthaíochtaí nó ionstraimí eile roinnte riosca i raon chlár de chuid an Aontais chun acmhainn ghíarála chúnaimh airgeadais AE a mhéadú.

Mar chuid de phacáiste beart a chomhaontaigh an Chomhairle an 9 Bealtaine 2010 do Bhallstáit atá i ndeacrachtaí nó a bhfuil géardheacrachtaí ag bagairt orthu, bunaíodh



an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach chun cúnamh airgeadais a thabhairt i bhfoirm iasachta nó líne chreidmheasa a ráthaíodh le buiséad AE. Faoin tsaoráid 'um Chomhardú na nÍocaíochtaí' is féidir cúnamh airgeadais a thabhairt do Bhallstáit nach é an euro an t-airgeadra atá acu ([2.6.8](#)). Ina theannta sin, d'fhéadfaí tacaíocht mhacra-airgeadais, i bhfoirm iasachtaí nó deontas, a thabhairt chun cuidiú le tíortha nach Ballstáit iad.

Tháinig fás mór ar raon na n-oibríochtaí agus na n-ionstraimí ó 1978 i leith, agus tháinig méadú eile orthu le blianta beaga anuas, go háirithe tríd an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sular glacadh Conradh Liospóin, bhí caiteachas buiséadach aicmithe mar chaiteachas éigeantach (má bhain sé le hoibleagáid chonarhach) nó mar chaiteachas neamhéigeantach. Cé go raibh an focal scoir ag an bParlaimint ar chaiteachas neamhéigeantach, bhí an focal scoir ag an gComhairle ar chaiteachas éigeantach. Chuir an Parlaimint in aghaidh an idirdhealaithe sin mar gur mheas sí gur srian ar a cumhachtaí a bhí ann. Le Conradh Liospóin cuirtear deireadh leis an idirdhealú idir caiteachas éigeantach agus caiteachas neamhéigeantach agus tugtar cumhachtaí buiséadacha comhpháirteacha don Parlaimint leis an gComhairle ar an mbuiséad iomlán ([1.2.5](#)).

D'áitigh Parlaimint na hEorpa ar thrédhearcacht bhuiséadach agus grinnscrúdú cuí a bheith ann ar gach oibríocht agus ionstraim, agus d'iarr sí go ndéanfaí achoimre ar chaiteachas agus ioncam uile a thagann as cinntí arna nglacadh ag institiúidí AE nó ina n-ainm, lena n-áirítear oibríochtaí chun iasachtaí a fháil, a thabhairt nó a chinntiú, i ndoiciméad a chuirtear i gceangal leis an dréachtbhuiséad gach bliain, rud a thugann léargas foriomlán ar iarmhairtí airgeadais agus buiséadacha an Aontais.

Bíonn cruinniú ag an gCoiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) ([1.3.15](#)) chun grinnscrúdú a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí airgeadais, agus ullmhaítear tuarascáil bhliantúil ina ndéantar measúnú ar fheidhmíocht BEI roimhe sin agus a thorthaí. Chomhaontaigh an Coiste um Buiséid agus an Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadaíochta sa Parlaimint tuarascáil bhliantúil a sholáthar ina ndéantar measúnú ar ghníomhaíochtaí BEI anois agus sa todhchaí; déanann siad sealaíocht mar an coiste ceannais. Á mheas di gur féidir le hionstraimí airgeadais a bheith ina n-uirlis an-luachmhar chun an tionchar atá ag cistí AE a mhéadú, d'áitigh an Parlaimint gur cheart iad a chur chun feidhme faoi choinníollacha dochta, ionas gur féidir rioscaí buiséadacha a sheachaint. Chuige sin, cuireadh rialacha mionsonraithe maidir le húsáid na n-ionstraimí airgeadais isteach sa Rialachán Airgeadais.

Vera Milicevic
10/2020

